**Foilsiú leasaithe chaighdeánaigh fhormheasta, ar leasú atá ann ar shonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint san earnáil táirgí talmhaíochta agus earraí bia, dá dtagraítear in Airteagal 6b(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún**

(2023/C 254/09)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 6b(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH AR SHONRAÍOCHT TÁIRGE LE HAGHAIDH AINMNIÚCHÁN TIONSCNAIMH FAOI CHOSAINT NÓ TÁSC GEOGRAFACH FAOI CHOSAINT DE THIONSCNAMH BALLSTÁIT A CHUR IN IÚL

**(Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012)**

**'Oli de l'Empordà / Aceite de L'Empordà'**

**Uimh. AE: PDO-ES-1161-AM01 - 27.4.2023**

**ATFC (X) TGFC ( )**

1. **Ainm an táirge**

   'Oli de l'Empordà / Aceite de L'Empordà'

2. **An Ballstát ina bhfuil an limistéar geografach**

   An Spáinn

3. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

   Roinn Ghníomhaithe ar son na hAeráide, Bia agus Chlár Oibre Tuaithe na Catalóine

4. **Tuairisc ar an leasú (na leasuithe) formheasta**

   1. Athrú ar theorainneacha d'aigéad líonoiléach

   Leasaíodh na teorainneacha d'aigéad líonoiléach mar a leagtar amach i gCuid B.3 den tsonraíocht táirge - 'Saintréithe an táirge'. Go sonrach, laghdaíodh an luach d'aigéad líonoiléach ó '13 (le luachanna foircneacha idir 8 agus 18)' go '11 (maille le luachanna foircneacha idir 6 agus 16).

   Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

   2. Athrú ar an téacs faoi 'Tuairisc ar an táirge'

   Athraíodh '13 (le luachanna foircneacha idir 8 agus 18)', faoi phointe 3.2 den doiciméad aonair, go '11 (maille le luachanna foircneacha idir 6 agus 16)'.

   Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

   3. Athrú ar an téacs faoi 'Sainiúlacht an táirge'

   Faoi phointe 5.2., an fhoclaíocht seo a leanas:

   'Tá a gcobhsaíocht mar gheall ar a gcion aigéid oiléigh ard (67 % - maille le luachanna foircneacha idir 60 % agus 75 %), 13 % aigéad líonoiléach (maille le luachanna foircneacha idir 8 % agus 18 %) agus 14 % aigéad pailmíteach (maille le luachanna foircneacha idir 11 % agus 18 %).'

   cuireadh é seo ina ionad sin:

   'Tá a gcobhsaíocht mar gheall ar a gcion aigéid oiléigh ard (67 % - maille le luachanna foircneacha idir 60 % agus 75 %); tá 11 % aigéad líonoiléach (maille le luachanna foircneacha idir 6 % agus 16 %) agus 14 % aigéad pailmíteach (maille le luachanna foircneacha idir 11 % agus 18 %) iontu chomh maith.'

   Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

([1]) IO L 179, 19.6.2014, lch. 17.

DOICIMÉAD AONAIR

**'Oli de l'Empordà / Aceite de L'Empordà'**

**Uimh. AE: PDO-ES-1161-AM01 - 27.4.2023**

**ATFC (X) TGFC ( )**

1. **Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]**

'Oli de l'Empordà / Aceite de L'Empordà'

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an táirge bia**

3.1. *Cineál táirge [a liostaítear in Iarscríbhinn XI]*

Aicme 1.5 – Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.)

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Ola olóige úríon as ológa de chineálacha Argudell, Curivell, Llei de Cadaqués agus Arbequina, a fhaightear trí phróisis mheicniúla nó trí phróisis fhisiceacha eile nach gcuireann isteach ar an ola agus a chaomhnaíonn blas, dea-bholadh agus saintréithe na dtorthaí as a dtáirgtear í.

Táirgtear an ola olóige ATFC sin as ológa de chineálacha dúchasacha Argudell, Curivell agus Llei de Cadaqués agus de chineál traidisiúnta Arbequina a fhástar ar gharráin chláraithe iad. Is Argudell iad na príomhchineálacha, nach mór a bheith mar 51 % ar a laghad den ola atá sa mheascán, agus Arbequina. Ní mór méid iomlán an ola ón dá chineál seo le chéile a bheith is mó ná 95 % den mheascán.

I gcás ina measctar ológa de chineálacha éagsúla chun ola a tháirgeadh, déanfar a comhdhéanamh de réir cineál ológ a ríomh ar bhonn táirgeacht ola gach coinsíneachta ológ a úsáidtear.

Tá na saintréithe fisiciceimiceacha a leanas ag na holaí:

| | |
|---|---|
| Aigéid shailleacha: | |
| Aigéad oiléach % | 67,0 (maille le luachanna foircneacha idir 60 agus 75) |
| Aigéad líonoiléach % | 11,0 (maille le luachanna foircneacha idir 6 agus 16) |
| Aigéad pailmíteach % | 14,0 (maille le luachanna foircneacha idir 11 agus 18) |
| Cobhsaíocht (luach Rancimat ag 120 °C) | Meánluach 9 h, nach lú ná 6 h riamh |

Tá na saintréithe orgánaileipteacha seo a leanas ag na holaí:

Dath: idir dath buí tuí agus glas de dhéine éagsúil.

| Aitreabúidí | Luach (aidiacht) | Airmheán agus teorainneacha |
|---|---|---|
| Lochtanna | Dada | 0 |
| Boladh glasach agus torthaíoch | Déine mheasartha nó mheasartha láidir atá glasach agus torthaíoch | 5,0 (maille le luachanna foircneacha idir 4 agus 7), nuair a shainaithníonn níos mó ná leath de na blastóirí an blas torthaí mar 'glas' |
| Searbh | Déine mheasartha | 4,0 (maille le luachanna foircneacha idir 3 agus 6) |
| Géar | Déine mheasartha | 4,0 (maille le luachanna foircneacha idir 3 agus 6) |

| | | |
|---|---|---|
| Iarmhéid | Dea-thomhaiste | Difríocht idir thorthaíoch agus [searbh nó géar] < 2,0 |

Agus forálacha Rialachán (CE) Uimh. 640/2008 ón gCoimisiún á gcur i bhfeidhm, tá próifíl orgánaileipteach ATFC ‘Oli de l’Empordà’ nó ‘Aceite de L’Empordà’ mar a leanas: dea-thomhaiste, olaí atá glasach agus torthaíoch de dhéine mheasartha. Bíonn searbhas agus láidreacht mheasartha acu sa bhéal mar gheall ar a gcion mór polaifeanóil; tá coibhéis uimhriúil ag na haidiachtaí ‘measartha’, ‘dea-thomhaiste’ agus ‘glasach’, mar a leagtar síos sa chaighdeán réamhráite.

Ar bhonn tuairisceoirí tánaisteacha eile den chineál aramatach (COI/T.20) tá próifíl chéadfach na n-olaí mar a leanas: ‘olaí ar a bhfuil dea-bholaithe a chuireann féar a gearradh le déanaí agus/nó gallchnó i gcuimhne de ghnáth; d’fhéadfadh dea-bholaithe de thorthaí trópaiceacha, de thorthaí glasa nó de bhliosán a bheith ann chomh maith, agus iarbhlas almóinne’.

Tá na holaí olóige úríona an-chobhsaí (is é 9 n-uair an chloig an meánluach Rancimat ag 120 °C, agus ní féidir leis a bheith níos lú ná 6 riamh) i ngeall ar an leibhéal ard frithocsaídeoirí (polaifeanóil go príomha).

Tá na saintréithe sin de ATFC ‘Oli d’Empordà’ [sic] bainteach go díreach le hiomadúlacht an phríomhchineáil: Argudell. An cineál sin, táirgeann sé olaí glasa torthaíocha, ag a bhfuil mionbhlasanna d’fhéar agus de bhliosán, a bhíonn searbh agus géar sa bhéal; coinnítear na saintréithe sin ar bun nuair a chuirtear Arbequina leis, a bhfuil dea-bholaithe níos neodraí aige agus nach bhfuil chomh searbh ná chomh géar céanna, ionas go mbíonn saintréith chéadfach Argudell níos láidre, agus go dtagann méadú uirthi i dtaca leis an méid atá sa mheascán.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

Is é an t-amhábhar a mbaintear úsáid as chun ola olóige Empordà a tháirgeadh ná ológa chineálacha Argudell, Arbequina. Curivell agus Llei de Cadaqués a fhástar sa limistéar geografach a thuairiscítear sa phointe ábhartha.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór dóibh tarlú sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór na hológa a fhás agus an táirge a phróiseáil laistigh den limistéar geografach amháin a shainmhínítear sa phointe ábhartha.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

D’fhéadfaí an ola a chur i mbuidéal laistigh nó lasmuigh den limistéar geografach sainithe, ar choinníoll go bhfuil córas inrianaitheachta iontaofa ann agus go ndéantar é a lipéadú i gceart.

Le haghaidh miondíola, ní mór an táirge a phacáistiú i gcoimeádáin ina bhfuil toirt suas le 5 lítear, a dhéantar de ghloine, de mhiotal brataithe de ghrád bia, de PET, de cheirmeach gloinithe nó d’ábhair eile atá ceadaithe faoin reachtaíocht atá i bhfeidhm.

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an t-ainm ‘Oli de l’Empordà’ (Catalónach) nó ‘Aceite de L’Empordà’ (Spáinneach) a léiriú ar an bpacáistíocht, in éineacht leis na focail ‘Denominación de Origen Protegida’ [ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint] agus aon fhaisnéis eile a leagtar síos sa reachtaíocht ábhartha.

## 4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsítear sa limistéar faoi chosaint na 68 mbardas i *comarca* Alt Empordà agus na 36 bhardas i *comarca* Baix Empordà, cúig bhardas chomharsanacha i *comarca* Gironès (Viladasens, Sant Jordi Desvalls, Flaçà, Madremanya agus Llagostera) agus trí chinn i Pla de l’Estany (Crespià, Esponellà agus Vilademuls). Tá siad ar fad i gcúige Girona agus lonnaithe i bhfad ó thuaidh i gComhphobal Féinrialaithe na Catalóine.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

I dtéarmaí ithreach agus aeráide, tá trí thoisc mar shaintréithe ag an limistéar geografach sainithe:

— Ithreacha: lag agus éadrom den chuid is mó le pH aigéadach nó neodrach

— Teocht: arna mothú ag tionchar na farraige

— Gaoth: gaoth aduaidh gur gné den limistéar í: an *tramontana*.

Fástar ológa in L'Empordà den chuid is mó in áiteanna ina bhfuil ithir dhroch-cháilíochta ann, i.e. ar airde imeallacha agus leathmhá gar do bhunchnoic na bPiréiní (Serra de l'Albera agus Serra de Rodes) ó thuaidh agus do bhunchnoic Montgrí agus Sierra de Les Gabarres ó dheas. Tá na hithreacha éadrom den chuid is mó, ag a bhfuil pH aigéadach nó neodrach, agus tagann siad ó siosta, eibhear nó naghas, saintréithe i mbunchnoic na bPiréiní.

Tá aeráid an limistéir ina bhfástar na hológa in *comarca* L'Empordà aicmithe de réir Papadakis mar aeráid Mhuirí Mheánmhara agus de réir Thornthwaite mar limistéar tirim fo-bhogthais ar an gcósta agus mar limistéar fo-bhogthais intíre.

Mothaítear teochtaí agus éagsúlacht laethúil teochta ag tionchar na farraige. Bíonn sioc ann ó lár mhí na Samhna go dtí deireadh mhí an Mhárta.

Athraíonn meánfhrasaíocht ó 550 mm sa limistéar cósta ó thuaidh go 850 mm níos faide intíre gar do bhunchnoic na bPiréiní. Tá dáileadh neamhrialta, an chuid is mó de ann i mí Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair.

Léiríonn an chothromaíocht uisce go mbíonn tréimhse triomaigh ó Mheitheamh go Lúnasa, rud a bhíonn tipiciúil de limistéir Mheánmhara.

Bíonn gaotha ó thuaidh le brath go mór sa phatrún gaoithe: an *tramontana*.

Tá an gaoth áirithe seo tirim i gcónaí, géar in amanna agus ar cheann de na príomhghnéithe d'aeráid L'Empordà.

Laghdaíonn na gaotha sin i míonna fuara an gheimhridh an riosca de shioc géar a dhéanann difear do na garráin chrann ológ agus cuireann sé sin ar chumas na gcrann ológ maireachtáil sna ceantair sin.

Bíonn leoithní anoir aneas ann sa samhradh, a mhothaíonn na teochtaí i rith an lae agus a chothaíonn ardbhogthaise choibhneasta le linn na tréimhse sin.

Tosca stairiúla agus daonna

Tá ola olóige úríon L'Empordà bainteach go díreach le stair, traidisiún agus cultúr an limistéir faoi chosaint. D'fhástaí ológa agus tháirgtí ola olóige níos mó ná 2 500 bliain ó shin, de réir foinsí stairiúla agus tochailtí seandálaíochta a rinneadh. Bhí ola olóige ann i gcónaí in éineacht le táirgí Meánmhara tipiciúla eile amhail fíon, agus an dá cheann acu thar a bheith tábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch áitiúil. Tá na gabhháltais beag, tá an talamh roinnte i roinnt mhaithe codanna agus déantar an chuid is mó den ola ag comharchumainn. Is cineál feirmeoireachta é atá an-sóisialta, agus teaghlaigh iomlána páirteach sna cúraimí fáis éagsúla, go háirithe an bhuaint.

Bhí na dálaí aeráide sonracha agus obair ghlúnta na saothróirí mar chúis le roghnú na dtrí chineál dhúchasacha nach bhfástar iad ach amháin sa limistéar geografach sainithe: Argudell (tromlach) agus Curivell agus Llei de Cadaqués (mionlach). Fástar an cineál Arbequina mar chineál traidisiúnta ar feadh níos mó na 100 bliain.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

Is é is cúis le saintréith shonrach an ola ná cion Argudell dúchasach (os cionn 51 %). Tá an cineál sin oiriúnaithe go han-mhaith do dhálaí aeráide agus ithreach sonracha Empordà, arb iad an chúis go bhfástar é den chuid is mó sa limistéar sin, d'ainneoin iomaíochta le cineálacha eile, cineálacha Catalónacha agus Francacha araon. Is cineál thar a bheith crua atá ann: tá sé oiriúnaithe go maith don ithir dhroch-cháilíochta agus is féidir leis na príomhghaotha láidre a sheasamh (*tramontana*) toisc go bhfuil sé thar a bheith láidir agus toisc go bhfuil dlús duilliúir corónach íseal agus FRF ard (fórsa coinneála torthaí) aige.

Ó thaobh na ngéinte de (marcóirí DNA móilíneacha) tá an cineál sin thar a bheith leithleach ó na cineálacha Catalónacha eile, agus comhéifeachtaí cosúlachta níos lú na 0.30 aige (nuair a bhíonn luach 1 ag géinitíopaí comhionanna).

Ardleibhéal cobhsaíochta. Tá na holaí an-chobhsaí i ngeall ar a gcion ard frithocsaídeoirí (polaifeanóil go príomha). Is é meánluach Rancimat ag 120 °C 9 n-uair an chloig, agus ní féidir leis a bheith níos lú ná 6 uair riamh. Tá a gcobhsaíocht i ngeall ar a gcion ard aigéid oiléigh chomh maith (67 % – le luachanna foircneacha idir 60 % agus 75 %); tá 11 % aigéad líonoiléach (maille le luachanna foircneacha idir 6 % agus 16 %) agus 14 % aigéad pailmíteach (maille le luachanna foircneacha idir 11 % agus 18 %) iontu chomh maith. Toisc gurb é seo an réigiún is faide ó thuaidh ina bhfástar ológa i Leithinis na hIbéire, tháirgfí olaí ina bhfuil níos lú aigéid oiléigh, níos mó aigéid líonoiléigh agus a bhfuil leibhéal cobhsaíochta níos ísle acu ó tháirgeadh na gcineálacha céanna in áiteanna eile sa Spáinn, tosca a mbraitheann, den chuid is mó, ar dhomhanleithead an limistéir táirgthe.

Blas saintréitheach (i gcomhréir leis na téarmaí a leagtar amach in COI-T20 d’olaí olóige ATFC), le dea-bholaithe a chuireann féar a gearradh le déanaí agus/nó gallchnó i gcuimhne de ghnáth; d’fhéadfadh go mbeadh dea-bholaithe de thorthaí trópaiceacha, de thorthaí glasa nó de bhliosán, agus iarbhlas almóinne ann chomh maith. Tá tionchar sonrach an limistéir fabhrach do chomhchruinniú ard dea-bholaithe, a aistríonn mar thorthaíocht de dhéine mheasartha nó de dhéine láidir i gcásanna áirithe (déine idir 4 agus 7). Aistríonn comhchruinniú ard polaifeanól, i gcomparáid le háiteanna eile sa Chatalóin, mar shearbhas agus mar láidreacht de dhéine mheasartha sa bhéal (déine idir 3 agus 6), agus cothromaíonn sé déine na torthaíochta go soiléir (difríocht idir thorthaíocht agus searbhas nó láidreacht níos lú ná 2), mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 640/2008 ón gCoimisiún.

5.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (maidir le ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá aige (maidir le TGFC)*

Mar a thuairiscítear thuas, bhí sé mar gheall ar mheascán na staire, an traidisiúin maidir le fás ológ agus ghnéithe na timpeallachta nádúrtha gur féidir ológa a fhás sna limistéir sin agus gur tháinig struchtúr cineálach atá thar a bheith sonrach ar an bhfód. Nuair a roghnaítear cineálacha oiriúnacha, bhí saothróga atá oiriúnaithe do ghaotha láidre an limistéir agus don ithir atá an-lag á lorg ag na saothróirí i gcónaí. Dá réir sin, tháinig Argudell chun bheith an cineál is coitianta, toisc gurb é an ceann is oiriúnaithe do na dálaí sin. Ina dhiaidh sin, léirigh Arbequina go bhfuil sé dea-oiriúnaithe do choinníollacha áitiúla agus ráthaigh sé táirgeachtaí níos tráthrialta, gan próifíl na n-olaí a athrú, toisc nach bhfuil carachtar ceannasach aige agus toisc go mbaintear úsáid as i gcionta beaga.

Ina theannta sin, is de bharr éifeacht rialaithe an Mheánmhara a bhfuil fás ológ inmharthanach ag an domhanleithead sin áit a ndéanfadh fuaraíocht ghéar an gheimhridh díobháil do na crainn, agus áit a soláthraíonn leoithní farraige an taise a bhfuil gá léi do bhachlóga agus do thorthaí. Tá suimiúchán teasa an tsamhraidh fabhrach do lipighineas agus do shintéis na n-aigéad sailleach monai-neamhsháithithe. Déanann gaotha láidre, an fhómhair (*tramontana*) fadhbanna sláinte a chosc agus iad fabhrach d’aibíocht cheart, rud a chuireann le hardcháilíocht na dtorthaí a bhuaintear. Ar deireadh, tá na hithreacha éadroime, aigéadacha nó neodracha a thagann ó shiosta nó ó eibhear, a fhaightear den chuid is mó sa limistéar, i gcodarsnacht leis na hithreacha créúla, aolmhara i limistéir eile ina bhfástar ológa, fabhrach do charnadh polaifeanól sna torthaí.

Cuidíonn sé sin uile le hola a tháirgeadh a bhfuil comhdhéanamh agus próifíl chéadfach shonrach aige.

**Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta táirge**

http://agricultura.gencat.cat/web/.content/al_alimentacio/al02_qualitat_alimentaria/normativa-dop-igp/plecs-vigor/pliego_condiciones_oli_emporda_modificacion-modificacion-2023-ES.pdf